Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Feabhra 2019
(OR. en)

6600/19

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2016/0131(COD)**
**2016/0132(COD)**
**2016/0133(COD)**
**2016/0222(COD)**
**2016/0223(COD)**
**2016/0224(COD)**
**2016/0225(COD)**

**ASILE 15**
**ASIM 24**
**CSC 70**
**EURODAC 5**
**ENFOPOL 89**
**RELEX 156**
**CODEC 478**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078<br>11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1<br>11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2<br>8765/1/16 REV 1 ASILE 13 EURODAC 3 ENFOPOL 132 CODEC 630<br>12112/18 ASILE 59 CSC 253 CODEC 1459<br>11313/16 ASIM 107 RELEX 650 COMIX 534 CODEC 1073 |
| Ábhar: | **Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar Athlonnú**<br>**a)RialachánBhaile Átha Cliath**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An chéad léamh)<br>**b) An Treoir maidir le Coinníollacha Glactha**: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An chéad léamh)<br>**c) An Rialachán Cáilitheachta**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An chéad léamh)<br>**d) An Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (An chéad léamh)<br>**e) Rialachán Eurodac**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le [Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forfheidhmithe dlí (athmhúnlú) (an chéad léamh)<br>**f) An Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (An chéad léamh)<br>**g) An Rialachán Réime maidir le hAthlonnú**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat Athlonnaithe Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An chéad léamh)<br>= Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 4 Bealtaine agus an 13 Iúil 2016, thíolaic an Coimisiún seacht gcinn de thograí reachtacha darbh aidhm athchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Áiríodh sa phacáiste sin athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Eurodac, togra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a bhunú, togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann don chosaint idirnáisiúnta san Aontas Eorpach, togra le haghaidh Rialachán Cáilitheachta, athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha agus togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Creat Athlonnaithe Aontais.

2. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 28-29 Meitheamh 2018, cé gur dhíol sásaimh di síor-iarrachtaí Uachtaránacht na Bulgáire agus na n-uachtaránachtaí a bhí ann roimpi, leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá teacht ar réiteach go mear maidir leis an bpacáiste iomlán agus d'iarr sí ar an gComhairle leanúint den obair d'fhonn an obair a thabhairt chun críche a luaithe is féidir. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 18 Deireadh Fómhair 2018, mheas an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme chonclúidí mhí an Mheithimh agus d'iarr sí go leanfaí den obair ar na gnéithe ar fad, mar chuid dá cur chuige cuimsitheach maidir leis an imirce. Ar an 13-14 Nollaig 2018, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun an chaibidlíocht maidir leis an nGníomhaireacht um Thearmann agus maidir le gach cuid den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a thabhairt i gcrích, go n-urramófaí na conclúidí éagsúla a ghlac an Chomhairle Eorpach roimhe seo, agus go gcuirfí san áireamh nach ar aon dul le chéile atá an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo i dtaca le gach aon cheann de na comhaid sin.

   Maidir leis an tuarascáil reatha ar dhul chun cinn, is breis í ar an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 6-7 Nollaig 2018, mar a leagtar amach in 14597/18.

## II. STAID REATHA NA gCOMHAD CET

### *A. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH*

3. I mí an Mheithimh 2018, chinn an Chomhairle Eorpach gur gá teacht ar chomhthoil maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath d'fhonn é a athchóiriú bunaithe ar chothromaíocht idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, agus iad siúd a ndearnadh iad a dhíbhordáil i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála á gcur san áireamh.

4. Le linn Uachtaránacht na hOstaire, fiosraíodh roinnt tograí maidir leis an gcóimheá foriomlán idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach, amhail cineálacha éagsúla dlúthpháirtíochta a bheadh le cur ar fáil don Bhallstát a bheadh faoi bhrú agus a mbeadh ceanglas ar na Ballstáit eile rannchuidiú leis, nó an sásra freagrachta agus dlúthpháirtíochta lenar cheart rannchuidiú ó na Ballstáit uile go seachtrach, ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus go hinmheánach a thabhairt le chéile.

   I bhfianaise na bpléití, áfach, lena n-áirítear na comhairliúcháin dhéthaobhacha a bhí ag Uachtaránacht na hOstaire faoi chuimsiú *Tour des Capitales*, dearbhaíodh measúnú Uachtaránacht na Rómáine nach raibh aon seans maith ann go bhféadfaí dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath a athchóiriú sa ghearrthéarma, agus, dá bhrí sin, dhírigh Uachtaránacht na Rómáine a príomhiarrachtaí ar na comhaid eile a bhaineann leis an athchóiriú teorainn a chur chun cinn a mhéid is féidir sa tréimhse roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa atá ar na bacáin.

   Cé gur dhírigh cur chuige na hUachtaránachta ar an gcaibidlíocht a thabhairt chun cinn a mhéid is féidir ar an leibhéal teicniúil agus formheas cúltaca seasmhach aici ó COREPER, is beag faoiseamh a thug sé sin do na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na seasaimh náisiúnta maidir le cur chuige an phacáiste, agus d'imir sin tionchar ar an gcuid eile den phlé/ den chaibidlíocht faoi na tograí eile sa phacáiste maidir le hathchóiriú CET.

   Ag an am céanna, thug an Uachtaránacht aghaidh ar ócáidí éagsúla ar an staid athfhillteach d'imircigh a tarrtháladh ar muir, trí mhalartuithe tuairimí a eagrú leis na Ballstáit uile d'fhonn réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú le haghaidh socraithe sealadacha díbhordála. Meastar go leanfar den phlé.

## *B. AN TREOIR MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA*

5. Ag an gcruinniú a bhí ag COREPER ar an 29 Samhain 2017, tugadh sainordú maidir leis an athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha d'Uachtaránacht na hEastóine agus tacaíocht fhorleathan ag dul leis chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Ag an ochtú cruinniú tríthaobhach ar an 14 Meitheamh 2018, thángthas ar chomhréiteach sealadach idir Rapóirtéir na Parlaiminte agus Uachtaránacht na Bulgáire mar a bhí ann ag an am. Cuireadh téacs an chomhaontaithe shealadaigh faoi bhráid chruinniú COREPER ar an 20 Meitheamh 2018 ach ní bhfuair sé an tacaíocht ba ghá ó na toscaireachtaí. D'eagraigh Uachtaránacht na hOstaire cruinnithe déthaobhacha leis na toscaireachtaí uile i mí Iúil agus, ar an mbonn sin, agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach, chuir sí leasuithe féideartha ar an gcomhaontú sealadach faoi bhráid na gcomhairleoirí chun go scrúdóidís iad.

6. Tar éis do Chomhairleoirí CGB iad a scrúdú, thíolaic Uachtaránacht na hOstaire leasuithe comhréitigh[1] ar an gcomhaontú sealadach do COREPER ar an 21 Samhain 2018 lena bhformheas chun go bhféadfaí leanúint den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Chinn Uachtaránacht na hOstaire, áfach, gur cheart a thuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil chun tacaíocht bhreise a fháil ó na toscaireachtaí.

7. Chun na críche sin, thionóil Uachtaránacht na Rómáine tuilleadh comhairliúchán leis na toscaireachtaí sin a raibh imní léirithe acu faoin tsubstaint i mí Eanáir. Chinn an Uachtaránacht, áfach, tar éis tuilleadh scrúdaithe, nach raibh gá le hathruithe breise ar na leasuithe comhréitigh, mar a tíolacadh do COREPER ar an 21 Samhain 2018. Ar an 23 Eanáir 2019, dhaingnigh COREPER a thacaíocht leis na leasuithe atá beartaithe[2], d'fhonn leanúint den chaibidlíocht ar an leibhéal teicniúil le Parlaimint na hEorpa.

8. Tháinig sé chun solais sna pléití tosaigh le Parlaimint na hEorpa, áfach, go seasann Parlaimint na hEorpa leis an gcomhaontú sealadach ar ar thángthas i mí an Mheithimh 2018 agus nach mian léi tús a chur in athuair leis an gcaibidlíocht

---

**1** 13699/18
**2** 5458/19

## *C. AN RIALACHÁN CÁILITHEACHTA*

9. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an Rialachán Cáilitheachta le Parlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2017. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus Uachtaránacht na Bulgáire ar chomhaontú sealadach ar an 14 Meitheamh 2018 ag an ochtú cruinniú tríthaobhach. Cuireadh téacs an chomhaontaithe shealadaigh faoi bhráid chruinniú COREPER ar an 19 Meitheamh 2018 ach ní bhfuair sé an tacaíocht ba ghá ó na toscaireachtaí. Bhí cruinnithe déthaobhacha ag Uachtaránacht na hOstaire i mí Iúil leis na Ballstáit sin nach raibh sásta fós leis an gcomhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, pléadh tograí comhréitigh nua spriocdhírithe agus tíolacadh iad do Pharlaimint na hEorpa le linn cruinniú tríthaobhach a bhí ann ar an 26 Meán Fómhair 2018. Ag an gcruinniú tríthaobhach sin, chuir an Pharlaimint in iúl don Uachtaránacht go seasann sí, i bprionsabal, leis an gcomhaontú ar thángthas air i mí an Mheithimh agus nach raibh sé ar intinn aici leanúint den chaibidlíocht de thuras na huaire. Cuireadh na tograí comhréitigh i láthair ag cruinniú a bhí ag COREPER ar an 21 Samhain 2018 lena bhformheas i bhfianaise go bhféadfaí leanúint den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ach chinn an Uachtaránacht gur cheart leanúint de na comhairliúcháin ar an leibhéal teicniúil chun tacaíocht bhreise a fháil ó na toscaireachtaí.

10. Chun na críche sin, thionóil Uachtaránacht na Rómáine tuilleadh teagmhálacha déthaobhacha agus chinn sí nach bhfuil gá le haon athruithe ar na leasuithe comhréitigh, mar a tíolacadh do COREPER ar an 21 Samhain 2018. Ar an 23 Eanáir 2019, dhaingnigh COREPER a thacaíocht do na leasuithe atá beartaithe[3] d'fhonn leanúint den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar an leibhéal teicniúil. Tháinig sé chun solais sa teagmháil neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa go seasann Parlaimint na hEorpa leis an gcomhaontú sealadach ar ar thángthas i mí an Mheithimh 2018 agus nach mian léi tús a chur in athuair leis an gcaibidlíocht.

[3] 5456/19

## *D. AN RIALACHÁN MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA TEARMAINN*

11. Lean an Uachtaránacht den Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn a scrúdú ar leibhéal Chomhairleoirí CGB d'fhonn seasamh ón gComhairle a bhaint amach a thúisce is féidir. Cé nach bhfuil ach roinnt mionchoigeartaithe ag teastáil ó fhormhór na bhforálacha, tá dhá shaincheist ann atá fós gan réiteach agus ar deacair teacht ar chomhaontú ina leith: an nós imeachta teorann agus an raon feidhme beacht a bhainfidh leis, chomh maith leis an sainmhíniú ar 'cinneadh críochnaitheach' atá in Airteagal 4 den togra. Eagraíodh ceithre chruinniú de Chomhairleoirí CGB, inar díríodh ar an togra comhréitigh is déanaí le haghaidh an nós imeachta teorann a d'eisigh an Uachtaránacht. Rinneadh léamh ar an téacs iomlán, lenar cláraíodh an dul chun cinn a rinneadh i dtaca leis an gcomhad agus lenar druideadh níos gaire do leagan comhdhlúite, rud a thíolacfar do COREPER i mí an Mhárta chun faisnéis agus, b'fhéidir, treoir bhreise a fháil.

## *E. RIALACHÁN EURODAC*

12. I mí Mheán Fómhair 2017, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach faoi Rialachán Eurodac a athmhúnlú, bunaithe ar an sainordú, ar cuireadh síneadh leis, a comhaontaíodh ag an gcruinniú a bhí ag COREPER ar an 15 Meitheamh 2017 agus ar an vóta a chaith coiste LIBE ar an 30 Bealtaine 2017. Ar an 14 Feabhra 2018, chuir COREPER síneadh le sainordú caibidlíochta na Comhairle do Rialachán Eurodac d'fhonn go gcuimseofaí freisin ann saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí athlonnaithe. Tionóladh ceithre chruinniú thríthaobhacha le linn Uachtaránacht na hEastóine agus dhá cheann eile le linn Uachtaránacht na Bulgáire. Ag an gcruinniú tríthaobhach a bhí ann ar an 19 Meitheamh 2018, d'éirigh le hUachtaránacht na Bulgáire agus leis an rapóirtéir teacht ar chomhaontú maidir leis an gcuid is mó de na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach. Maidir leis an achar a gcoinneofar a sonraí siúd a dhéanann iarratas ar thearmann, áfach, choinnigh an Uachtaránacht forchoimeádas maidir lena seasamh go dtí go mbeidh níos mó soiléireachta ann maidir le fad na freagrachta seasmhaí i Rialachán Bhaile Átha Cliath. Ag an gcruinniú tríthaobhach céanna, bhí an chéad phlé ann ar na forálacha maidir le sonraí daoine athlonnaithe. Shocraigh an rapóirtéir go ndéanfaí cur chuige na Comhairle maidir leis an tsaincheist sin a mheas. Ina dhiaidh sin, léirigh PE roinnt ábhar imní dlí maidir le sonraí bithmhéadracha a ghlacadh agus a tharchur sa nós imeachta athlonnaithe. Bhí sraith cruinnithe teicniúla ar siúl sa dara leath de 2018 agus ag tús na bliana 2019 d'fhonn teacht ar réiteach a bheadh inghlactha ag na comhreachtóirí. Phléigh Comhairleoirí CGB na moltaí comhréitigh is déanaí ó Pharlaimint na hEorpa ag na cruinnithe a bhí acu ar an 24 Eanáir agus ar an 4 Feabhra.

Ós rud é gur dhiúltaigh na Ballstáit go soiléir do na moltaí sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht pacáiste comhréitigh maidir leis na forálacha a bhaineann le hathlonnú in éineacht le tréimhse stórála sonraí 10 mbliana. Pléadh an pacáiste comhréitigh ag cruinniú a bhí ag Comhairleoirí CGB ar an 11 Feabhra agus ag COREPER ar an 15 Feabhra 2019. Cé go bhféadfadh tromlach na mBallstát tacú le hábhar an téacs ón Uachtaránacht, níor thug COREPER sainordú don Uachtaránacht dul ar aghaidh chuig cruinniú tríthaobhach le Parlaimint na hEorpa de bharr "cur chuige an phacáiste". Cuireadh an teachtaireacht sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa. Thionóil an Uachtaránacht cruinniú de Chomhairleoirí CGB ar an 25 Feabhra 2019 i ndáil leis an moladh comhréitigh is déanaí ó Pharlaimint na hEorpa. Cé gur dhíol sásaimh do na Ballstáit an moladh is déanaí ó Pharlaimint na hEorpa, níor thug siad sainordú don Uachtaránacht leanúint den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar na cúiseanna a tugadh le fios thuas.

## *F. AN RIALACHÁN MAIDIR LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM THEARMANN (EUAA)*

13. Tar éis an chomhaontaithe maidir le cur chuige ginearálta páirteach sa Chomhairle ar an 20 Nollaig 2016, chuir Uachtaránacht Mhálta tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2017. Mar thoradh ar shraith cruinnithe teicniúla agus cruinnithe tríthaobhacha, tháinig Uachtaránacht Mhálta ar chomhaontú sealadach, le linn an chruinnithe thríthaobhaigh ar an 28 Meitheamh, maidir le téarmaí achtacháin an téacs. Lean Uachtaránacht na hEastóine den obair ar an leibhéal teicniúil d'fhonn aithrisí an téacs a thabhairt ar comhréim le corp an togra, agus tháinig sí ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa i dtaobh na saincheiste. Chuir Uachtaránacht na hEastóine i gcrích freisin an gealltanas maidir leis an díorma cúltaca um thearmann ina mbeidh 500 saineolaí. Ar an 6 Nollaig 2017, thug COREPER dá aire an comhaontú sealadach ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa maidir le téacs iomlán an togra cé is moite den téacs sin atá idir lúibíní cearnacha lena dtagraítear do na tograí eile maidir le CET. Ar an 12 Meán Fómhair 2018, thíolaic an Coimisiún togra leasaithe do Rialachán EUAA, a chuireann leis an gcomhaontú sealadach ar ar tháinig na comhreachtóirí in 2017. Leis an togra leasaithe, cuirtear arís eile leis an gcomhaontú sealadach maidir leis an gcúnamh oibríochtúil agus teicniúil lena gcuirtear ar chumas na gníomhaireachta an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta nó codanna de a thabhairt i gcrích ag an gcéim riaracháin gan dochar d'inniúlacht na n-údarás náisiúnta inniúil cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais aonair.

Tá sé mar aidhm freisin ag na leasuithe comhlántacht a áirithiú idir obair na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann atá le bunú, go háirithe imscaradh na bhfoirne tacaíochta don bhainistiú imirce. Rinne an Mheitheal um Thearmann an chéad scrúdú ar an togra EUAA leasaithe faoi Uachtaránacht na hOstaire ar an 25 Meán Fómhair 2018 agus leanadh den togra a scrúdú ar leibhéal Chomhairleoirí CGB ar an 8 Deireadh Fómhair, an 26 Deireadh Fómhair, an 19 Samhain 2018 agus an 15 Eanáir. Ar an 23 Eanáir, thíolaic an Uachtaránacht an togra leasaithe do COREPER lena n-iarrtar sainordú don chaibidlíocht leis an bParlaimint. Le linn an phlé a rinneadh in COREPER, ba léir nach raibh dóthain tacaíochta ann le haghaidh na moltaí comhréitigh ón Uachtaránacht ar chúiseanna substainte agus ar chúiseanna a bhaineann le "cur chuige an phacáiste" araon. Lean an Uachtaránacht den obair ar leibhéal teicniúil agus thionóil sí cruinniú de Chomhairleoirí CGB ar an 4 Feabhra, áit ar pléadh an téacs comhréitigh athbhreithnithe. Ós rud é gur fhan seasamh na mBallstáit mar an gcéanna lena seasamh taca an phlé roimhe sin, mheas an Uachtaránacht gur ídíodh gach féidearthacht ar an leibhéal teicniúil.

## *G. AN RIALACHÁN MAIDIR LE HATHLONNÚ*

14. Glacadh an sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa faoin Rialachán maidir le hAthlonnú ar an 15 Samhain 2017. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach i mí na Nollag 2017 agus tionóladh sé chruinniú thríthaobhacha in 2018 faoi Uachtaránacht na Bulgáire, rud a d'éascaigh an dul chun cinn maidir leis an gcuid ba mhó de na gnéithe atá sa togra. Ar an 13 Meitheamh 2018, tháinig an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú leathan polaitiúil maidir le príomhghnéithe an Rialacháin. Cuireadh téacs an chomhaontaithe shealadaigh faoi bhráid chruinniú COREPER ar an 20 Meitheamh 2018 ach ní bhfuair sé an tacaíocht ba ghá ó na toscaireachtaí. Dá réir sin, bhí cruinnithe déthaobhacha ag Uachtaránacht na hOstaire leis na Ballstáit sin nach raibh in ann tacú leis an gcomhaontú sealadach. Bunaithe ar an bplé sin, cuireadh tograí comhréitigh nua faoi bhráid na Parlaiminte. Tar éis an chéad chruinnithe thríthaobhaigh theicniúil, áfach, chuir an Pharlaimint in iúl go neamhfhoirmiúil go seasann sí, i bprionsabal agus faoi láthair, leis an gcomhaontú ar thángthas air i gcruinniú tríthaobhach mhí an Mheithimh. Ar an 9 Deireadh Fómhair 2018, phléigh Comhairleoirí CGB leasuithe comhréitigh féideartha lena ndírítear ar na príomhábhair imní atá curtha in iúl ag na Ballstáit le linn na gcruinnithe déthaobhacha.

Cuireadh na tograí comhréitigh i láthair ag cruinniú a bhí ag COREPER ar an 21 Samhain 2018 lena bhformheas i bhfianaise go bhféadfaí leanúint den chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ach chinn an Uachtaránacht go mba cheart leanúint de na comhairliúcháin ar an leibhéal teicniúil.

Ar an 16 Eanáir 2019, phléigh COREPER na leasuithe comhréitigh sin arís. Cé gur thángthas ar chomhaontú ginearálta maidir leo, chinn an Uachtaránacht nach bpléifeadh sí iad ag cruinniú tríthaobhach polaitiúil le Parlaimint na hEorpa agus go rachfaí i gcomhairle le COREPER sula mbeadh cruinniú tríthaobhach polaitiúil ann le Parlaimint na hEorpa maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach agus a fágadh amach as an gcomhaontú sealadach ar thángthas air le linn Uachtaránacht na Bulgáire.

A mhéid a bhaineann leis na forálacha a fágadh amach as an gcomhaontú sealadach, bhí plé ag Comhairleoirí CGB ar an 18 Nollaig 2018 agus ar an 15 agus an 25 Eanáir faoi na leasuithe comhréitigh a d'fhéadfaí a phlé le Parlaimint na hEorpa. Ar an 30 Eanáir 2019, phléigh COREPER na leasuithe sin agus chinn an Uachtaránacht go raibh comhaontú ann maidir leis an tsubstaint ach mar sin féin nach bpléifeadh sí iad ag cruinniú tríthaobhach le Parlaimint na hEorpa fós.

Tar éis idirphlé teicniúil le Parlaimint na hEorpa, chinn an Uachtaránacht roinnt tograí comhréitigh nua a mholadh maidir leis na hábhair imní a léirigh na Ballstáit i mí an Mheithimh agus an cás a fhiosrú maidir le cruinniú tríthaobhach a bheith ann le Parlaimint na hEorpa faoin téacs iomlán. Pléigh na Comhairleoirí CGB na leasuithe comhréitigh sin ar an 11 Feabhra 2019.

Ar an 15 Feabhra 2019, bhí plé arís ag COREPER faoi na forálacha a fágadh amach as an gcomhaontú sealadach agus faoi na tograí comhréitigh nua a mhéid a bhaineann leis na hábhair imní a léirigh na Ballstáit i mí an Mheithimh 2018. Mar sin féin, cé go bhféadfadh tromlach na mBallstát tacú le hábhar an téacs ón Uachtaránacht, níor thug COREPER sainordú don Uachtaránacht dul ar aghaidh chuig cruinniú tríthaobhach le Parlaimint na hEorpa de bharr "cur chuige an phacáiste". Mar thoradh air sin, chuir an Uachtaránacht an teachtaireacht sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa.